Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Eanáir 2022
(OR. en)

5208/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0134(NLE)**

JAI 31
FRONT 14
VISA 9
SAN 17
TRANS 12
IPCR 5
COVID-19 4
COMIX 19

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin<br>- Leasú ar Iarscríbhinn I<br>= Glacadh |

1. Ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Eanáir 2022, rinne IPCR an measúnú démhíosúil ar liosta na dtríú tíortha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Moladh (AE) 2020/912. I bhfianaise na sonraí is déanaí ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus ó SEGS, moladh go mbainfí an Airgintín, an Astráil agus Ceanada d'Iarscríbhinn I.

2. An 12 Eanáir 2022, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe go mbainfí an Airgintín, an Astráil agus Ceanada d'Iarscríbhinn I. Ní raibh an Chipir, an Ghréig agus an Iodáil in ann comhaontú leis an moladh go mbainfí iad.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, molann Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– téacs an Mholta ón gComhairle lena leasaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, a ghlacadh;

– cinneadh a dhéanamh téacs an Mholta ón gComhairle lena leasaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, a luaithe a ghlacfar é.

IARSCRÍBHINN

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77 (2)(b) agus (e) agus an chéad agus an dara habairt d'Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Meitheamh 2020, ghlac an Chomhairle Moladh maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir le deireadh a chur leis an srian sin[1] ('an Moladh ón gComhairle').

(2) Ó shin i leith, tá an Chomhairle tar éis Moltaí (AE) 2020/1052[2], (AE) 2020/1144[3], (AE) 2020/1186[4], (AE) 2020/1551[5], (AE) 2020/2169[6], (AE) 2021/89[7], (AE) 2021/132[8], (AE) 2021/767[9], (AE) 2021/892[10], (AE) 2021/992[11], (AE) 2021/1085[12], (AE) 2021/1170[13], (AE) 2021/1346[14], (AE) 2021/1459[15], (AE) 2021/1712[16], (AE) 2021/1782[17], (AE) 2021/1896[18], (AE) 2021/1945[19], (AE) 2021/2022[20] agus (AE) 2021/2150[21], lena leasaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin, a ghlacadh.

---

1 IO L 208I, 1.7.2020, lch. 1.
2 IO L 230, 17.7.2020, lch. 26.
3 IO L 248, 31.7.2020, lch. 26.
4 IO L 261, 11.8.2020, lch. 83.
5 IO L 354, 26.10.2020, lch. 19.
6 IO L 431, 21.12.2020, lch. 75.
7 IO L 33, 29.1.2021, lch. 1.
8 IO L 41, 4.2.2021, lch. 1.
9 IO L 165I, 11.5.2021, lch. 66.
10 IO L 198, 4.6.2021, lch. 1.
11 IO L 221, 21.6.2021, lch. 12.
12 IO L 235, 2.7.2021, lch. 27.
13 IO L 255, 16.7.2021, lch. 3.
14 IO L 306, 31.8.2021, lch. 4.
15 IO L 320, 10.9.2021, lch. 1.
16 IO L 341, 24.9.2021, lch. 1.
17 IO L 360, 11.10.2021, lch. 128.
18 IO L 388, 3.11.2021, lch. 1.
19 IO L 397, 10.11.2021, lch. 28.
20 IO L 413, 19.11.2021, lch. 37.
21 IO L 434, 6.12.2021, lch. 8.

(3) An 20 Bealtaine 2021, ghlac an Chomhairle Moladh 2021/816 lena leasaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle maidir le srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin[22] chun na critéir a thabhairt cothrom le dáta, ar critéir iad a úsáidtear chun a mheas an bhfuil taisteal neamhriachtanach ó thríú tíortha sábháilte nó nach bhfuil agus ar cheart é a cheadú.

(4) Foráiltear sa Mholadh ón gComhairle gur cheart do na Ballstáit deireadh a chur, de réir a chéile, leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach chuig an Aontas ón 1 Iúil 2020 ar bhealach comhordaithe maidir le cónaitheoirí na dtríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle. Ba cheart liosta na dtríú tíortha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a athbhreithniú gach dhá sheachtain, agus féadfaidh an Chomhairle é a nuashonrú, de réir mar a bheidh, tar éis dlúthchomhairliúchán leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí agus seirbhísí ábhartha an Aontais, tar éis measúnú foriomlán a dhéanamh bunaithe ar an modheolaíocht, na critéir agus an fhaisnéis dá dtagraítear sa Mholadh ón gComhairle.

(5) Tá plé déanta ó shin laistigh den Chomhairle, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí agus seirbhísí ábhartha an Aontais, maidir leis an athbhreithniú ar liosta na dtríú tíortha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle agus maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar agus na modheolaíochta a leagtar síos sa Mholadh ón gComhairle, arna leasú le Moladh 2021/816. De thoradh ar an bplé sin, ba cheart liosta na dtríú tíortha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a leasú. Go háirithe, ba cheart an Airgintín, an Astráil agus Ceanada a bhaint den liosta.

[22] IO L 182, 21.5.2021, lch. 1.

(6) Ní chun leasa na mBallstát sin amháin a ndéantar rialú teorann ag a dteorainneacha seachtracha atá an rialú teorann, ach chun leasa na mBallstát uile a chuir deireadh le rialú ag teorainneacha inmheánacha. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na bearta a ghlactar ag na teorainneacha seachtracha a chomhordú lena áirithiú go bhfeidhmeoidh limistéar Schengen go maith. Chuige sin, amhail ón 17 Eanáir 2022, ba cheart do na Ballstáit leanúint de dheireadh a chur leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas ar bhealach comhordaithe maidir le cónaitheoirí na dtríú tíortha, na Sainréigiún Riaracháin *agus na n-eintiteas agus na n-údarás críochach eile* a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle arna leasú leis an Moladh seo.

(7) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Mholta seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Moladh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Moladh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme é.

(8) Is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[23]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[24].

---

23 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).
24 IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.

(10) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE[25], arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[26].

(11) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE[27] arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE[28].

---

**25** IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

**26** Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

**27** IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

**28** Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Leasaítear Moladh (AE) 2020/912 ón gComhairle, arna leasú le Moltaí (AE) 2020/1052, (AE) 2020/1144, (AE) 2020/1186, (AE) 2020/1551, (AE) 2020/2169, (AE) 2021/89, (AE) 2021/132, (AE) 2021/767, (AE) 2021/816, (AE) 2021/892, (AE) 2021/992, (AE) 2021/1085, (AE) 2021/1170, (AE) 2021/1346, (AE) 2021/1459, (AE) 2021/1712, (AE)2021/1782, (AE) 2021/1896, (AE) 2021/1945, (AE) 2021/2022 agus (AE) 2021/2150, maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre de phointe 1 den Mholadh ón gComhairle:

> 1. Amhail ón 17 Eanáir 2022, ba cheart do na Ballstáit deireadh a chur, de réir a chéile, leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach chuig an Aontas ar bhealach comhordaithe maidir le cónaitheoirí na dtríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh:

## Iarscríbhinn I

Tríú tíortha, Sainréigiúin Riaracháin agus eintitis agus údaráis chríochacha eile nár cheart éifeacht a bheith ag srianta sealadacha ag teorainneacha seachtracha ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas ar a gcónaitheoirí:

I. NA STÁIT SEO A LEANAS

1. BAIRÉIN
2. An tSILE
3. AN CHOLÓIM
4. AN INDINÉIS
5. CUÁIT
6. AN NUA-SHÉALAINN
7. PEIRIÚ
8. CATAR
9. RUANDA

10. AN ARAIB SHÁDACH
11. AN CHÓIRÉ THEAS
12. AONTAS NA nÉIMÍRÍOCHTAÍ ARABACHA
13. URAGUA
14. AN tSÍN*

II. SAINRÉIGIÚIN RIARACHÁIN DHAON-PHOBLACHT NA SÍNE

Sainréigiún Riaracháin Hong Cong

Sainréigiún Riaracháin Macao

III. EINTITIS AGUS ÚDARÁIS CHRÍCHE NACH bhFUIL AITHEANTA MAR STÁIT AG BALLSTÁT AMHÁIN AR A LAGHAD

An Téaváin

---

* faoi réir dearbhú cómhalartachta

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2022

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*